Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2023
(OR. en)

15880/23
ADD 1

LIMITE

ENER 634
RELEX 1374
COWEB 151
COEST 635

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0395(NLE)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15295/23 +ADD1 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh (Vín na hOstaire, an 14 Nollaig 2023) |

Tá na ceangaltáin sa doiciméad seo leis an gCinneadh ón gComhairle mar a leagtar amach in 15880/23 INIT é.

## IARSCRÍBHINN

**CINNEADH 01/2023/MC-EnC MAIDIR LE FAD AN CHONARTHA LENA mBUNAÍTEAR AN COMHPHOBAL FUINNIMH A SHÍNEADH**

Is é an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh an Dréachtchinneadh ón gComhairle Aireachta maidir le síneadh fhad an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh ('CCF') a fhaomhadh ar feadh tréimhse 10 mbliana i gcomhréir le hAguisín 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

**CINNEADH .../2023/MC-EnC LENA LEASAÍTEAR AIRTEAGAL 2(2) DEN CHONRADH LENA mBUNAÍTEAR AN COMHPHOBAL FUINNIMH**

Is é an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh an Dréachtchinneadh ón gComhairle Aireachta a fhormheas i gcomhréir le Cinneadh an 20 Meán Fómhair 2023 ón gCoimisiún maidir leis an togra le haghaidh Cinneadh ó Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh lena leasaítear Airteagal 2(2) den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh agus Cinneadh ó Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh chun oiriúnú do Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh, Iarscríbhinn I **[C(2023) 6183 final]** agus chun iad a ghlacadh.

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA .../2023/MC-EnC AR SHUÍOMH FHÓRAM GÁIS AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

Is é an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh an Dréachtghníomh Nós Imeachta ón gComhairle Aireachta maidir le suíomh Fhóram Gáis an Chomhphobail Fuinnimh a fhormheas i gcomhréir le hAguisín 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

**CINNTÍ FAOI AIRTEAGAL 91(1)(A) DEN CHONRADH LENA mBUNAÍTEAR AN COMHPHOBAL FUINNIMH LENA mBUNAÍTEAR SÁRÚ AR AN gCONRADH SIN SNA CÁSANNA SEO A LEANAS:**

Is é an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh na dréachtchinntí ón gComhairle Aireachta faoi Airteagal 91(1)(a) ECT a fhormheas, ar choinníoll go dtugann Coiste Comhairleach an Chomhphobail Fuinnimh réamhthuairim go tráthúil lena dtacaítear le torthaí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh lena suitear gur ann do shárú sna cásanna seo a leanas:

(a) Cinneadh 2023/…/MC-EnC maidir le mainneachtain Phoblacht na Macadóine Thuaidh Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-7/21;

(b) Cinneadh .../2023/MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive*[1] Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-8/21;

(c) Cinneadh 2023/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-9/21;

(d) Cinneadh 2023/.../MC-EnC maidir le mainneachtain Mhontainéagró Conradh an Chomhphobail Fuinnimh i gCás ECS-15/21 a chomhlíonadh;

(e) Cinneadh 2023/.../MC-EnC maidir le mainneachtain na Boisnia agus na Heirseagaivéine Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-10/23;

(f) Cinneadh .../2023/MC-EnC maidir le mainneachtain na Cosaive* Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-11/23;

(g) Cinneadh .../2023/MC-EnC maidir le mainneachtain Phoblacht na Moldóive Conradh an Chomhphobail Fuinnimh a chomhlíonadh i gCás ECS-12/23.

[1] An Chosaiv (*) - Ní dochar an t-ainmniú sin do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.



PUBLIC

## AGUISÍN 1 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**CINNEADH Ó CHOMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH 01/2023/MC-EnC maidir le fad an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh a shíneadh**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AIREACHTA AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh ('an Conradh'), agus go háirithe Airteagal 97 de,

De bhrí gur síníodh an Conradh an 25 Deireadh Fómhair 2005 agus gur tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2006;

De bhrí, de réir Airteagal 97, gur tugadh an Conradh i gcrích ar feadh tréimhse tosaigh 10 mbliana ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm agus go n-éilíonn sí cinneadh ón gComhairle Aireachta chun é a shíneadh;

De bhrí go ndearnadh an Conradh a shíneadh cheana féin ar feadh tréimhse 10 mbliana le Cinneadh 1/2013/MC-Enc ón gComhairle Aireachta an 24 Deireadh Fómhair 2013;

De bhrí go leanann an Comhphobal Fuinnimh de chreat éifeachtúil a sholáthar don chomhar réigiúnach i réimse an fhuinnimh, creat a uasghrádaíodh go suntasach trí ghlacadh phacáiste comhtháthaithe na hearnála leictreachais ag an gComhairle Aireachta i mí na Nollag 2022;

De bhrí go bhfuil an Comhphobal Fuinnimh ag teacht chun cinn ina chreat láidir chun aistrithe fuinnimh agus gníomhaíocht aeráide na bPáirtithe Conarthacha a thiomáint agus tacú leo, go háirithe trí Threochlár Dícharbónúcháin agus an pacáiste Fuinneamh Glan do gach Eorpach' a ghlacadh;

De bhrí go dtéann na gealltanais arna ndéanamh ag na Páirtithe sa Chomhphobal Fuinnimh i bhfad níos faide ná 2026;

AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

**Airteagal 1**

**Fad an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh a shíneadh**

Rinneadh fad an Chonartha a shíneadh ar feadh tréimhse 10 mbliana go dtí an 30 Meitheamh 2036.

PUBLIC

**Airteagal 2**

**Teacht i bhfeidhm**

Tagann an Cinneadh seo i bhfeidhm tráth a ghlactha.

Arna dhéanamh ….

Aireachta

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

**AGUISÍN 2 A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

**GNÍOMH NÓS IMEACHTA .../2023/MC-EnC AR SHUÍOMH FHÓRAM GÁIS AN CHOMHPHOBAIL FUINNIMH**

PUBLIC

Déanann Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh,

Ag féachaint don Chonradh lena mBunaítear an Comhphobal Fuinnimh agus go háirithe Airteagail 66, 82 agus 87 de,

Ag féachaint do Chonclúidí Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh an 29 Meitheamh 2007 lenar cinneadh go dtiocfaidh Fóram Gáis an Chomhphobail Fuinnimh le chéile i Maribor, sa tSlóivéin, agus inar ordaíodh don Bhuanghrúpa Ardleibhéil Gníomh Nós Imeachta a ghlacadh lena leagtar amach na socruithe praiticiúla dá eagrú,

De bhun Airteagal 1 den Ghníomh Nós Imeachta 2007/03/2/PHLG-EnC an 17 Deireadh Fómhair 2007 ar shuíomh an Fhóraim Gáis, bhí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh le comhoibriú ar shocruithe praiticiúla maidir le heagrú an Fhóraim le húdaráis inniúla na Slóivéine, agus í ag dul i gcomhairle leis an Uachtaránacht agus leis an Leas-Uachtaránacht,

De bhrí gur tháinig an Chomhairle Aireachta ar an gconclúid an 15 Nollaig 2022 go bhfuil sé inmhianaithe go dtiocfadh Fóram Gáis an Chomhphobail Fuinnimh le chéile san Úcráin amhail ó 2023, nó a luaithe a cheadóidh na coinníollacha, mar aitheantas ar thábhacht na hÚcráine do shlándáil fuinnimh na hEorpa, go háirithe a margadh agus a córais gáis a chomhtháthú a thuilleadh, lena n-áirítear gáis dhícharbónaithe agus hidrigin. D’iarr an Chomhairle Aireachta ar an Rúnaíocht agus ar an gCoimisiún Eorpach na socruithe is gá a dhéanamh chuige sin,

Ag féachaint do léiriú na dlúthpháirtíochta ag údaráis na Slóivéine leis an Úcráin agus dá dtairiscint suíomh an Fhóraim Gáis a ghéilleadh chun tairbhe na hÚcráine,

Ag cur san áireamh go dtosóidh an Fóram Gáis ag teacht le chéile san Úcráin a luaithe a cheadóidh na coinníollacha agus an t-aonad ansin, tiocfaidh sé le chéile i Vín,

Ar thogra ó Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh,

TAR ÉIS AN GNÍOMH NÓS IMEACHTA SEO A GHLACADH:

AIRTEAGAL 1

(1) Tionólfar Fóram Gáis an Chomhphobail Fuinnimh san Úcráin a luaithe a cheadóidh na coinníollacha. Déanfaidh Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh na coinníollacha a mheasúnú i gcomhar leis an Uachtaránacht agus leis an Leas-Uachtaránacht in am trátha roimh dháta beartaithe an chruinnithe sin den Fhóram Gáis.

(2) Go dtí go gceadófar leis na coinníollacha an Fóram Gáis a dhéanamh san Úcráin, déanfar é i Vín na hOstaire.

PUBLIC

AIRTEAGAL 2

Tabharfaidh Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh faoi na céimeanna is gá chun an Fóram Gáis a chur ar bun go praiticiúil i gcomhar le húdaráis ábhartha na hÚcráine agus i gcomhairle leis an Uachtaránacht agus leis an Leas-Uachtaránacht.

AIRTEAGAL 3

Cinnteoidh an t-óstach gur féidir le hionadaithe ó na Páirtithe Conarthacha go léir freastal ar na cruinnithe.

AIRTEAGAL 4

Tagann an Gníomh Nós Imeachta seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i Vín an XXX

Thar ceann na Comhairle Aireachta

-----------

Uachtaránacht

PUBLIC